Gaelscoil Philib Barún

Polasaí Frithbhulaíochta

Is féidir bulaíocht a shainmhíniú mar ionsaí leanúnach, bíodh sé ó bhéal , fisiciúil nó siceolaíochta atá déanta ag duine nó ag buíon ar dhaoine eile. Is iompar mórbhagrach d'aonghnó é. San áireamh bheadh, griogadh, tarcaisneach, bagairt, bualadh, toirmeasc nó sracaireacht ag dalta(í) ar dhalta eile.

Maireann iompar bulaíochta in atmaisféar éigcinnte rúndachta ina bhraitheann an íobartach éadochasach ina choinne.

Ní féidir bulaíocht a thabhairt ar cás ar leith d'iompar bagrach bíodh nár choir é a mhaithe.

Cuirfear foireann, daltaí agus tuistí go rialta ar eolas faoi seo.

Múinteoirí

Pléfidh múinteoirí go rialta le cúrsai bulaíochta le ceachtanna foirmiúla le gach rang mar chuid den churaclaim OSPS an Clár Bí Slán, agus an Clár Caidrimh agus Gnéasachta san áireamh. Clúdóidh na ceachtanna foirrmiúla seo téamaí éagsúla ó féinmheas go láimhseáil bagairtí agus ar ndóigh tuairisciú. Tá leabhair acmhainní ag gach rang.

Go neamhfhoirmiúil gríosfaidh na muinteoirí na páistí eachtraí a thuairisciú agus a phlé leo le oscailt a mholadh agus mar sin fáilteofar roimh deiseanna deacrachtaí caidrimh a phlé sa rang.

Comharthaí Bulaíochta:

a) Buairt faoi theacht ar scoil;
b) Dul siar in caighdeáin oibre;
c) Patrún tinneas fisiciúl;
d) Athrú giúmair nó iompair gan chúis;
e) Strus nó buairt léirithe;
f) Sealúchais ar iarraidh;
g) Méadú ar iarratais ar airgead;
h) Brú craicinn gan chúis;
i) Leiscea a insint cad a tá ag cur isteach uirthi / air;

Is comharthaí iad seo chomh maith ar a lán rudaí eile chomh maith le bulaíocht.

Céimeanna le tuairisciú ar agus deighleáil le bulaíocht:

a) Má bhíonn tuistí buartha faoina bhulaíocht ar a bpáiste ba choir an múinteoir ranga a chur ar eolas faoi;
b) Ba choir tuairisc scríofa a choimeád ar thuairisc tuistí nó múinteora. Ba choir don múinteoir fiosrú agus agus gníomhú go hoiriúnach. Má mheasann an múinteoir go bhfuil bulaíocht i gceist ba choir don príomhoide nó an príomhoide tánaisteach a chur ar eolas faoi.
c) Ba choir tuistí gach páirtí atá páirteach a chur ar eolas agus deis a sholáthar leis an ábhar a phlé ;eis an múinteoir ranga.
d) Ba choir go dtabharfaí le tuiscint go soiléir go bhfuil páistí a thuairiscíonn bulaíocht ag gníomhú go freagracht.
e) Ba choir taifead a choimeád ar conas a phléadh leis an eachtra agus an toradh a bhain leis. Nuair a théann an rang ar aghaidh ní foláir an oide chomharbachta a cur ar eolas faoi aon deacrachtaí a tharla.